

Mise, M^o Theaghlach agus M^o Cheantar

Is le _____ an
leabhrán seo.

- An Teaghlach (lch ____ sa leabhar)
- Uimhreacha agus Aoiseanna (lch ____ sa leabhar)
- Aidiachtaí le cur síos ar dhaoine (lch ____ sa leabhar)
- Airde (lch ____ sa leabhar)
- Áiteanna (lch ____ sa leabhar)
- Struchtúr na Litreach (lch ____ sa leabhar)
- Gramadach (An Réamhfhocal agus An Réamhfhocal + An tAlt)



Litreacha chuig pheannchara

Radharc na Rún

An Spidéal

Co. na Gaillimhe

4 Meán Fómhair

A Liam, a chara,

Conas atá tú? **Tá súil agam** go bhfuil tú go maith. Treasa is ainm dom agus tá mé ag lorg peanncharad.

Tá mé ceithre bliana déag d'aois. Tá mé i mo chónaí i **sráidbhaile beag** i gContae Gaillimhe. Tá sé suite **faoin tuath**. Is aoibhinn liom an áit mar tá **muintir na háite** an-chairdiúil agus **tá aithne agam ar** gach duine. **Téim** ar scoil **sa chathair** agus tá mé sa dara bliain i gClochar na Trócaire i **lár na cathrach**. Tá gruaig dhonn chatach fhada orm agus tá súile donna agam. Tá mé méadar agus fiche cintiméadar **ar airde**. Is duine **fiosrach macánta** mé.

Tá **teaghlach** mór agam. Is rúnaí í mo Mham agus is tiománaí leoraí é mo Dhaidh. Réitím go maith leo mar tá siad **tuisceanach agus foighneach**. Tá triúr deartháireacha agam; Sam, Jack agus Michael, ach **réitím go maith leo**, buíochas le Dia! Tá Sam **níos sine** ná mé, tá sé seacht mbliana déag d'aois agus is **cúpla comhionann** iad Jack agus Michael. Tá siad deich mbliana d'aois. Tá deirfiúr amháin agam. Orla is ainm di agus ní réitím go maith léi chun an fhírinne a rá. Is í Orla **an duine is óige** sa chlann. Níl sí ach seacht mbliana d'aois agus tá sí **ag freastal ar** an mbunscoil. Tá sí **taghdach agus cantalach**.

Céard fútsa? Cá bhfuil cónaí ortsa agus cé atá sa teach leat? Scríobh ar ais chugam go luath, beidh mé ag siúl le litir uait.

Beir bua agus beannacht,

Do chara nua,

Treasa

Tóráíocht Gluaise

in the city
in the city-centre
the youngest
moody and cranky
I get on well with them
I hope
a small village
understanding and patient
older
household
in height
inquisitive honest
attending
What about you?
identical twins
All the best
I go
I know (when referring to a person)
The locals
in the countryside

Ceisteanna:

1. Cén sórt áite í An Spidéal?
2. Cá dtéann Treasa ar scoil?
3. Cén sórt duine í Treasa?
4. Cé an duine is sine sa chlann?
5. An bhfuil Orla níos sine ná Treasa?
6. Cén fáth nach réitíonn Treasa go maith le hOrla?
7. Cén aois é an cúpla comhionann?

Céard fútsa?:

1. Cá bhfuil tú i do chónaí agus cén sórt áite é?
2. Cá dtéann tú ar scoil?
3. Cén sórt duine tú?
4. An bhfuil aithne agat ar cúpla comhionann?
5. An réitíonn tú go maith le do dheartháireacha agus do dheirfiúracha? Cén sórt daoine iad?

Gramadach: Mínigh an riail

1. sa chathair
2. i lár na cathrach
3. i gClochar na Trócaire
4. seacht mbliana déag d'aois
5. ag freastal ar an mbunscoil

Ceistiúchán

Cuir ciorcal ar 5 má aontaíonn tú go hiomlán, agus 1 mura n-aontaíonn tú ar chor ar bith.



B'fhearr liom bheith i mo chónaí i lár na cathrach	1 2 3 4 5
Is duine cairdiúil mé. Réitím le gach duine.	1 2 3 4 5
Is duine cantalach mé	1 2 3 4 5
Tá aithne agam ar gach duine sa rang	1 2 3 4 5
Réitím go maith le mo theaghlach	1 2 3 4 5
Tá an-chuid is mó de mo chairde níos sine ná mé	1 2 3 4 5
Tá an-chuid is mó de mo chairde níos óige ná mé	1 2 3 4 5
Is duine macánta mé	1 2 3 4 5
Is aoibhinn liom an tuath	1 2 3 4 5
Tá mo thuismitheoir(i) tuisceanach	1 2 3 4 5
Ba mhaith liom bheith i mo leathchúpla	1 2 3 4 5
Is duine fiosrach mé	1 2 3 4 5
Tá muintir na háite i mo cheantar rófhiosrach	1 2 3 4 5
Is duine foighneach mé	1 2 3 4 5
Tá an saol i sráidbhaile beag go hiontach	1 2 3 4 5

34 Corrán Eoin

Cluain Dolcáin

Baile Átha Cliath

6 Meán Fómhair

A Treasa, a chara,

Conas atá ag éirí leat? Tá mé i mbarr na sláinte. Ba bhreá liom bheith i do pheannchara.

Tá mé ceithre bliana déag d'aois freisin, táim sa dara bliain i gColáiste Chillian i gCluain Dolcáin. Tá cónaí orm cúpla nóiméad ón scoil. Is aoibhinn liom Cluain Dolcáin. Tá sé cosúil le sráidbhaile mar tá aithne ag muintir na háite ar a chéile. Réitím go maith leis na comharsana ar mo shráid. Tá a lán gaolta ina gcónaí in aice láimhe freisin. Tá col ceathracha, nianna agus neachtanna sa cheantar. Is minic a bhím ag tabhairt aire dóibh. Is duine iontaofa cabhrach mé agus tá mo chlann antábhachtach dom.

Tá gruaig dhonn ghearr orm agus tá súile gorma agam. Tá mé caoga a cheathair cintiméadar ar airde. Is duine dathúil mé. Is duine macánta mé freisin ar ndóigh! Is mise an duine is sine i mo chlann. Tá deartháir amháin agam, Caolán is ainm dó. Réitím go han-mhaith leis. Tá sé aon bhliain déag d'aois agus tá sé ag freastal ar an ngaelscoil. Is duine fiosrach cliste é. Tá deirfiúr amháin agam. Aisling is ainm di agus tá sí trí bliana déag d'aois. Is altra é m'athair agus ní oibríonn mo mháthair. Mark agus Mandy is ainm dóibh.

Tá a lán áiseanna spóirt i mo cheantar. Téim go dtí an pháirc ag an deireadh seachtaine agus imrím peil le mo chairde. Thosaigh mé ag traenáil leis an gclub dornálaíochta freisin. Tá súil agam go mbeidh mé chomh sciliúl le Katie Taylor go luath! An bhfuil caitheamh aimsire agatsa? Déarfainn nach bhfuil a lán áiseanna i sráidbhaile!

Scríobh ar ais chugam go luath, beidh mé ag siúl le litir uait.

Beir bua agus beannacht,

Liam

Tóraíocht Gluaise

in top form (the best of health)
similar to
The locals know each-other
I get on well with the neighbours
relatives
nearby
cousins
cousins
nephews
nieces
taking care of them (giving care to them)
reliable
helpful
my family are very important to me
good-looking
the eldest
inquisitive clever
my Mam doesn't work
sports facilities
As skilful as Katie Taylo